Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13236/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2021/0424(COD)**
**2021/0425(COD)**

**ENER 491**
**ENV 973**
**CLIMA 486**
**IND 388**
**RECH 525**
**COMPET 766**
**ECOFIN 969**
**CODEC 1433**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás inathnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin<br>agus<br>Rialachán maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú)<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 25 Deireadh Fómhair 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta plé i ndáil leis an Treoir maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás inathnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin agus an Rialachán maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú).

**IARSCRÍBHINN**

**Nóta Plé ar an Rialachán agus an Treoir maidir leis an Margadh Gáis agus Hidrigine**

An 15 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh na Treorach maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghas inathnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin agus le haghaidh an Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (an Pacáiste Gáis) mar chuid de chreat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, hidrigin a chur chun cinn agus astaíochtaí meatáin a laghdú.

Faoi Uachtaránacht FR, cuireadh na tograí i láthair mar aon leis an Measúnú Tionchair, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit an chéad mhalartú tuairimí. I mí Iúil 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia tús leis an gcaibidlíocht maidir leis na tograí sa Mheitheal um Fhuinneamh. Bunaithe ar na chéad torthaí ón bplé sin, thíolaic an Uachtaránacht an chéad athbhreithniú ar an Rialachán agus ar an Treoir araon an 9 Meán Fómhair 2022 chun go bhféadfar tuilleadh plé domhain a dhéanamh sa Mheitheal um Fhuinneamh sna seachtainí amach romhainn.

**Ar bhonn an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus chun treoir a leagan amach le haghaidh tuilleadh oibre, molann an Uachtaránacht anois trí ábhar plé, agus roghanna éagsúla ag gach ceann acu ionas go ndéanfaidh na hairí an méid seo a leanas a mheas:**

## 1. An tréimhse ama d'fhorbairt na margaí hidrigine le béim ar dhíchuachadh ingearach Oibreoirí Gréasáin Hidrigine

Beartaítear leis an togra ón gCoimisiún creat rialála níos solúbtha le haghaidh hidrigine le linn chéim an mhéadaithe ar an margadh ach, faoin 1 Eanáir 2031, ba cheart rialacha níos mionsonraithe a chur i bhfeidhm lena n-éascófar comhtháthú margaidh agus trádáil trasteorann. Mheas roinnt Ballstát nach dtugann dáta socraithe 2030 don aistriú rialála seo solúbthacht agus am leordhóthanach do mhargadh na hidrigine chun forbairt agus aibiú go leordhóthanach. In éagmais dáta deiridh comhchuibhithe na hidirthréimhse ar leibhéal an Aontais, áfach, tá baol ann go mbeadh córais rialála éagsúla ann ar theorainneacha, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar mhargadh inmheánach éifeachtúil a fhorbairt.

Leis na rialacha atá beartaithe maidir le díchuachadh ingearach oibreoirí gréasáin hidrigine (*Airteagal 62 den Treoir*), cuirtear an tsamhail díchuachta úinéireachta ar fáil. Tá sé beartaithe go mbeidh samhail an oibreora córais neamhspleách ar fáil le haghaidh gréasáin hidrigine, ar cuid de ghnóthais atá comhtháite go hingearach iad tráth theacht i bhfeidhm an Phacáiste Gáis. Is gné níos conspóidí é dul in éag shamhail díchuachta an Oibreora Tarchurtha Neamhspleách faoi 2031 toisc go bhfuil imní ar roinnt Ballstát go bhféadfadh sé sin bac a chur ar fhorbairt gréasáin hidrigine, agus margaí dá bhrí sin, toisc nach ndéanfaí oibreoirí córais tarchurtha gáis a bhfuil samhail díchuachta an oibreora tarchurtha neamhspleách acu a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh in athrú cuspóra a mbonneagar.

Tá an idirthréimhse atá beartaithe do mhargaí hidrigine faoi dheireadh 2030 le feiceáil i roinnt alt ar fud an Phacáiste Gáis. Moltar sa Rialachán nach ngearrfar aon taraifí ar rochtain ar ghréasáin hidrigine ag pointí idirnaisc idir na Ballstáit ón 1 Eanáir 2031 (*Airteagal 6 den Rialachán*) ar cheart sásra cúitimh a chur ina ionad chun bonneagar trasteorann a mhaoiniú i measc na n-oibreoirí gréasáin hidrigine ábhartha (*Airteagal 53 den Treoir*). Faoi dheireadh 2030 faoin Treoir atá beartaithe, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme rochtain rialáilte tríú páirtí ar ghréasáin hidrigine (*Airteagal 31 den Treoir*) agus féadfaidh oibreoirí gréasáin hidrigine tairbhiú de mhaoluithe do ghréasáin hidrigine atá ann cheana agus do ghréasáin atá teoranta go geografach (*Airteagail 47 agus 48 den Treoir*).

**I ndáil leis sin, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na roghanna seo a leanas:**

*a)* *Sásra athbhreithnithe a chur chun feidhme le haghaidh dháta aistrithe rialála 2031 ar leibhéal an Aontais, ina ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú, bunaithe ar chritéir réamhbhunaithe (e.g. feidhmiú an mhargaidh, iomaíocht, éifeachtaí éagsúlacht na rialacha maidir le trádáil trasteorann), ar dhálaí an mhargaidh in [2028] agus, i gcás inarb iomchuí, go nglacfadh sé cinneadh chun an t-aistriú ar leibhéal an Aontais a chur siar.*

*b)* *Céim an aistrithe le haghaidh eilimintí deartha an mhargaidh hidrigine a chur siar go dtí an bhliain [X].*

*c)* *Samhail díchuachta an Oibreora Tarchurtha Neamhspleách a chaomhnú tar éis 2030 do na hoibreoirí córais tarchurtha gáis atá ann cheana a bhfuil samhail díchuachta an oibreora tarchurtha neamhspleách acu.*

## 2. **Lascainí taraife do gháis inathnuaite agus ísealcharbóin sa chóras gáis nádúrtha agus taraifí trasteorann i ngréasáin hidrigine**

I. Taraifí trasteorann i ngréasáin hidrigine thiomnaithe

Mhol an Coimisiún dearadh le haghaidh margadh hidrigine amach anseo gan taraifí trasteorann amhail ón 1 Eanáir 2031 (*Airteagal 6 den Rialachán*). Mar atá cheana féin i gcás na margaí leictreachais, chruthódh sé sin cothrom iomaíochta do tháirgeadh hidrigine agus sheachnófaí 'cruachadh' taraifí, mar a thugtar air, rud atá tábhachtach chun méadú ar chostais do thomhaltóirí deiridh a chosc. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos indéanta córas taraifí trasteorann leibhéil nialais agus sásraí iomchuí comhroinnte costas a chur chun feidhme ag céim luath d'imscaradh bonneagair hidrigine ná i margadh aibí ina ndearnadh infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar. Chun a áirithiú go ndéanfar bonneagar hidrigine (trasteorann) a fhorbairt in éagmais taraifí trasteorann, moltar sásra cúitimh airgeadais i measc oibreoirí gréasáin hidrigine (*Airteagal 53 den Treoir*). B'fhearr le roinnt Ballstát an sásra taraife atá ann cheana maidir le hidrigin a choinneáil freisin, agus ba mhaith le Ballstáit eile cur chun feidhme taraifí trasteorann leibhéil nialais do ghréasáin hidrigine a chur siar.

**Ina dhiaidh sin, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na roghanna seo a leanas:**

*a)* *Sásra athbhreithnithe a chur chun feidhme le haghaidh na bliana 2031 ar leibhéal an Aontais, ina ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú, bunaithe ar chritéir réamhbhunaithe (e.g. feidhmiú an mhargaidh, iomaíocht, éifeachtaí éagsúlacht na rialacha maidir le trádáil trasteorann), ar dhálaí an mhargaidh in [2028] agus, i gcás inarb iomchuí, go nglacfadh sé cinneadh chun an oibleagáid le haghaidh taraifí trasteorann leibhéil nialais do ghréasáin hidrigine a chur siar.*

*b)* *An oibleagáid maidir le taraifí trasteorann leibhéil nialais do ghréasáin hidrigine a chur siar go dtí an bhliain [X].*

*c)* *Cinneadh comhpháirteach ó na húdaráis rialála náisiúnta maidir le taraifí trasteorann a chur in ionad na hoibleagáide taraifí trasteorann leibhéil nialais amhail ón 1 Eanáir 2031, le cinneadh deiridh ó ACER i gcás easaontais.*

II. Lascainí taraife do gháis inathnuaite agus ísealcharbóin sa chóras gáis nádúrtha

Tá lascainí taraife éagsúla sa togra ón gCoimisiún arb é is príomhchuspóir dóibh glacadh agus trádáil trasteorann gás inathnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh (*Airteagal 16 den Rialachán*[1]). D'áitigh roinnt Ballstát gur cheart tosaíocht a thabhairt do gháis inathnuaite. Chuir daoine eile imní in iúl nach uirlis oiriúnach iad na lascainí taraife chun glacadh na ngás sin a mhéadú agus faoi chaillteanas ioncaim do na hoibreoirí córais tarchurtha gáis rialáilte agus, dá bhrí sin, an méadú féideartha ar phraghas an gháis iontaise do chustaiméirí deiridh.

**I ndáil leis sin, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na roghanna seo a leanas:**

*a)* *Idirdhealú a dhéanamh idir lascainí gáis inathnuaite agus ísealcharbóin, i.e. leibhéil éagsúla lascainí do gháis inathnuaite agus ísealcharbóin.*

*b)* *Gan lascainí taraife a chur chun feidhme ag gach pointe idirnaisc, lena n-áirítear pointí iontrála ó thríú tíortha agus pointí fágála chuig tríú tíortha, agus cuirfidh na Ballstáit lascainí chun feidhme ag pointí iontrála ó shaoráidí táirgthe inathnuaite agus ísealcharbóin agus ag pointí iontrála ó shaoráidí stórála agus ag pointí fágála chuig saoráidí stórála.*

*c)* *Gan lascainí éigeantacha a chur chun feidhme le haghaidh gáis inathnuaite agus ísealcharbóin, i.e. taraif iomlán le híoc chun gáis inathnuaite agus ísealcharbóin a iompar.*

[1] Faoi Airteagal 16 den Rialachán, tá lascaine taraife 75 % le cur chun feidhme ag pointí iontrála ó shaoráidí táirgthe gás inathnuaite agus ísealcharbóin agus lascaine 75 % ó tharaifí tarchurtha go dtí agus ó stóráil gáis sa chóras gáis nádúrtha. Tá lascaine taraife 100 % le cur chun feidhme ag na pointí idirnaisc uile le haghaidh gáis inathnuaite agus ísealcharbóin sa chóras gáis nádúrtha.

## 3. <u>Cumasc</u>

Leis an Rialachán, cuirtear d'oibleagáid ar oibreoirí córais tarchurtha glacadh le cumasc hidrigine suas le 5 % ag pointí idirnaisc idir Ballstáit an Aontais ón 1 Deireadh Fómhair 2025 *(Airteagal 20 den Rialachán*). I gcás ina mbíonn srianta ar shreabha trasteorann mar thoradh ar dhifríochtaí i gcleachtais chumaisc, tá feidhm ag an bpróiseas comhordúcháin trasteorann maidir le cáilíocht gáis (*Airteagal 19 den Rialachán*). Ní mian le roinnt Ballstát hidrigin a chumasc ina ngréasáin gháis nádúrtha intíre agus b'fhearr leo hidrigin íon a iompar agus a úsáid. B'fhearr le Ballstáit eile dáta an chur chun feidhme a chur siar agus an t-uasleibhéal cumaisc a laghdú chun costais arda a sheachaint agus chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a theorannú.

**I ndáil leis sin, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na roghanna seo a leanas:**

*a) An t-uasleibhéal cumaisc ag pointí idirnaisc a athrú go [X] %.*

*b) Cur chun feidhme an uasleibhéil chumaisc ag pointí idirnaisc a chur siar go dtí an 1 Deireadh Fómhair [X].*

*c) Gan uasleibhéal cumaisc comhchuibhithe a shocrú, i.e. é a fhágáil faoi na Ballstáit chóngaracha agus oibreoirí córais tarchurtha teacht ar chomhaontú déthaobhach maidir le huasleibhéil chumaisc ag pointí idirnaisc.*